# An Garda Síochána

**LEABHRÁN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ**

LÉIGH GO CÚRAMACH É SULA gCUIREANN TÚ D'IARRATAS ISTEACH

Comórtas Oscailte le haghaidh Ceapachán sa phost mar

**Stórasóir**

i

**Stórais Sheantraibh,**
**An Garda Síochána**

**HRD_37D-458835/22**

**Dáta Deiridh: Dé hAoine, 14ú Deireadh Fómhair , 2022**

Tá an Garda Síochána geallta le beartas na gcomhdheiseanna.

Reáchtálfar an comórtas seo de réir na gCód Cleachtais arna n-ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) – atá ar fáil ag www.cpsa.ie

---

Déan teagmháil leis: An Garda Síochána, Stiúrthóireacht AD, Teach Áth Luimnigh, Baile Eoin, An Uaimh, Co. na Mí C15 ND62. Guthán: 046 903 6376/7/5 nó ag HRPD.StaffCompetitions@garda.ie

**IS TUSA AN DIFRÍOCHT**

# Clár na n-ábhar


CUID 1: Forbhreathnú ar an nGarda Síochána ........ 3

CUID 2: Sonraí an Phoist ........ 4

CUID 3: Sonraí an Iarrthóra ........ 5

CUID 4:  Incháilitheacht le haghaidh an Chomórtais ........ 6

CUID 5: Príomhchoinníollacha na Seirbhíse ........ 8

CUID 6: Próiseas an Iarratais agus an Roghnúcháin ........ 15

CUID 7: Eolas Tábhachtach don Iarrthóir ........ 16

## CUID 1: Forbhreathnú ar an nGarda Síochána

Sé An Garda Síochána seirbhís náisiúnta póilíneachta agus slándála na hÉireann le thart ar 14,500 Comhalta den Gharda Síochána, 3,400 Foireann an Gharda Síochána agus 500 Cúltaca an Gharda Síochána ag obair ann. Sé misean an Gharda Síochána ná 'Daoine a Choimeád Sábháilte'. Imríonn An Garda Síochána ról uathúil i gcomparaíd le seirbhísí póilíneachta eile an domhain, mar is comhlacht aonadach é atá freagrach as slándáil an Stáit chomh maith le soláthar seirbhísí na póilíneachta. Tá an dá fheidhm ceangailte ag an mbun-fhealsúnacht amhain: cosaint an duine agus sábháilteacht an phobal. Is cuid den phobal é an Garda Síochána, is sa phobal a oibríonn sé, agus baineann póilíneacht an phobail le croílár gach a déanann an eagraíocht.

Ionas gur féidir leis An nGarda Síochána seirbhísí póilíneachta níos freagraí, níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a chur ar fail, tá bunathruithe á ndéanamh faoi láthair ar struchtúr na heagraíochta. Trí Mhúnla Oibriúcháin an Eagrúcháin nua a chur i bhfeidhm, déanfar an Garda Síochána aistriú ó mhúnla geografach-bhunaithe go múnla feidhm-bhunaithe soláthar seirbhís na póilíneachta, a eagraíonn ár n-acmhainní timpeall na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn. Déanfar athstruchtúrú suntasach freisin ar rannóga na ceanncheathrún agus ar na haonaid náisiúnta araon. Ligfidh an t-atheagrú seo dúinn obair níos éifeachtaí a dhéanamh, seirbhísí feabhsaithe a sholáthar agus cumas méadaithe d'honn tacaíocht a chur ar fail do phobail agus d'íospartaigh na coireachta.

D'fhaomh an Rialtas oll-fhís do lucht saothair an Gharda Síochána sa bhliain 2016 chun líon iad siúd ag déanamh seirbhís a ardú go dtí 15,000 Comhalta den Gharda Síochána, 4,000 Bhall Foirne an Gharda Síochána agus 2,000 Comhalta Cúltaca an Gharda Síochána faoin mbliain 2021. Chomh maith leis an infheistíocht seo a dhéanamh sa lucht foirne, déanfaidh an eagraíocht a infheistiú i mbonneagar an TFC agus na dtrealamh.

Mar thoradh ar éilimh agus ionchais athraitheacha na saoránach, dúshláin na slándála agus na póilíneachta atá ag teacht chun cinn agus clár fairsing an athchóirithe chomh maith le tabhairt isteach na teicneolaíochta agus na gcóras nua, tá éileamh práinneach ag teacht chun cinn ar fheabhsú leanúnach na straitéisí agus na mbeartas. Caithfidh na feabhsuithe seo a chinntiú go bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an saineolas ag gach éinne dár bhfoireann, cibé acu is Comhaltaí den Gharda Síochána (oifigigh póilíní), Ball Foirne an Gharda Síochána nó Comhaltaí de Chúltaca an Gharda Síochána é, an acmhainn a theastaíonn ón eagraíocht a chur ar fáil chun freagairt ar na héilimh shíorathraitheacha a dtagann as obair na póilíneachta.

Is eagraíocht dhinimiciúil é An Garda Síochána inar féidir le gach ball foirne sult a bhaint as gairm thaitneamhach agus fhiúntach ag freastal ar phobal agus ar mhuintir na hÉireann.

### *Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí*

I mí Nollaig na bliana 2018, d'fhoilsigh an Rialtas *Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí* – Plean 4 bhliain (2019-2022) d'fhonn *Tuarascáil an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn* (CTPÉ) a chur i bhfeidhm.

The CoFPI Report outlines the drivers for change and presents a clear vision for the future of Leagtar amach i dTuarascáil CTPÉ céard ar spreag an t-athrú seo agus léiríonn sí fís shoiléir don Gharda Síochána sna blianta atá romhainn. Mar thoradh ar chomhairliúchán an

Choimisiúin, rinneadh 10 bpríomhphrionsabal do thodhchaí na póilíneachta in Éirinn a fhorbairt, agus sraith chuimsitheach na moltaí chun aghaidh a thabhairt, ní hamháin ar na dúshláin reatha, ach orthu siúd atá le teacht chomh maith.

## Ceann Bainistíochta Cabhlaigh

### CUID 2: Sonraí an Phoist

**Léargas**

Tá Stiúrthóireacht an Airgeadais freagrach as bainistiú na Lárstóras atá lonnaithe i gCoimpléasc Sheantraibh, Bóthar na Seanabhann, Baile Átha Cliath 9. Ba mhaith leis an Stiúrthóireacht Stórasóir a fhostú anois le haghaidh oibre sna Lárstórais a bhainistíonn stóráil, dáileadh agus riaradh éide agus trealamh An Gharda Síochána.

Tá na Príomhdhualgais leagtha amach thíos agus freagraíonn gach Stórasóir do Bhainisteoir na Stóras agus na Seirbhísí.

Léireoidh an té a cheapfar ag Lárstórais an Gharda Síochána, ag Rannóg Chartlainne agus Priontála An Gharda Síochána an dúthracht phearsanta agus fuinneamh a theastaíonn ón bpost. Beidh air cumas oibriú i dtimpeallacht dhinimiciúil dhúshlánach a léiriú agus tá gá le scileanna den scoth na cumarsáide.

**Príomhdhualgais**

- Admhálacha stoic ó sholáthróirí a sheiceáil agus a dheimhniú;
- A chinntiú go ndéantar an stoc a choimeád agus a chothabháil go cúramach;
- Pacáil, ullmhú agus eisiúint an stoic;
- Eisiúint an stoic a thaifeadadh go cruinn;
- Lódáil agus dílódáil na n-earraí ar/ó leoraithe/veaineanna;
- Gnáthstocáireamh a dhéanamh, lena n-áirítear freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin agus aon neamhréireachtaí a thuairisciú;
- Éide a fheistiú agus a eisiúint do Chomhaltaí an Gharda Síochána;
- Seachadadh an stoic chuig ionaid ar fud na tíre;
- A chinntiú go gcloítear le riachtanais na Sláinte agus na Sábháilteachta lena mbaineann i gcónaí;
- Dualgais eile na stórála, lena n-áirítear timpeallacht na hoibre a choimeád soiléir agus slachtmhar agus gach réamhchúraim riachtanach a ghlacadh in aghaidh an dóiteáin agus na gadaíochta;
- Freastal mar shealbhóir an eochair.

## CUID 3: Sonraí an Iarrthóra

Riachtanais an Stórasóra:

- Caithfidh an t-iarrthóirí a bheith in ann riachtanais láimhseála an róil a chomhlíonadh;
- Scileanna cumarsáide den scoth, idir scríofa agus labhartha;
- Cumas oibriú as a stuaim féin gan mhaoirseacht.

Beidh an t-iarrthóir a cheapfar mar Stórasóir sa Gharda Síochána ina dhuine ar leith ag a bhfuil an t-ionracas agus na luachanna eiticiúla den scoth aige, a léiríonn an díogras phearsanta agus an fuinneamh a n-éilítear.

**Taithí/Cáilíochtaí de dhíth:**

**Riachtanais Riachtanacha:**

- 2 bhliain réamhthaithí ag obair i siopaí/stóras;
- Eolas ar bhainistíocht rialú stoic;
- Dúthracht le seirbhís ar ardchaighdeáin;
- Ceadúnas tiomána (catagóir B);
- Ceadúnas Oibreoir Forcardaitheora.

**Riachtanais Inmhianaithe**

- Cumas maith na ríomhaireachta;
- Cumas uimhriúil maith;
- Cúrsa sa Láimhsiú arna chríochnú.

**Ina theannta sin, ba cheart don iarrthóir:**

- A bheith mar chomhalta den fhoireann agus an cumas aige cumarsáid éifeachtach a dhéanamh;
- An cumas a bheith aige oibriú faoi bhrú i dtimpeallacht chasta agus de réir amlínte dochta;
- A bheith ardchumas an eagraithe, an smachta agus an spreagtha aige chun na torthaí riachtanacha a sheachadadh;
- Scileanna eagraíochtúla den scoth a bheith acu agus an cumas idirghníomhú leis an bhfoireann ag gach leibhéal den eagraíocht.

## CUID 4: Incháilitheacht le haghaidh an Chomórtais

**Incháilitheacht le haghaidh dul san iomaíocht agus srianta áirithe ar an incháilitheacht**

**Riachtanais na Saoránachta**

Caithfidh an t-iarrthóir incháilithe a bheith ina:

(a) Shaoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Séard atá san LEE ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
(b) Shaoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
(c) Shaoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht na ndaoine; nó
(d) Shaoránach neamh-LEE ar céile nó leanbh de chuid saoránach den LEE nó den RA nó den Eilvéiseach é nó í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige; nó
(e) Dhuine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó éinne dá theaghlach atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige; nó
(f) Shaoránach neamh-LEE ar thuismitheoir linbh chleithiúnaigh é ar shaoránach de chuid Ballstát an LEE nó den RA nó den Eilvéis é agus a chónaíonn ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 aige..

**Ionas a cháiliú, ní mór don iarrthóir a bheith incháilithe faoi dháta aon tairiscint poist.**

**Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí**

Thug litir de chuid Roinn an Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Pearsanra isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste na Seirbhísí Poiblí de chuid Chomhdháil na gCeardchumann maidir le Íocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh éinne a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe le haghaidh athfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht na Seirbhíse Poiblí (mar atá sainmhínithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) le haghaidh tréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Beidh ar éinne a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh éirí leis sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (sé sin, deireadh tréimhse na neamh-incháilitheachta).

**Scéim Dhreasaithe um Luathscor (SDLS)**

Is coinníoll den Scéim Dreasachta um Luathscor (SDLS) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais nach bhfuil pinsinéirí, faoina leithéid Scéime, i dteideal iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir lena leithéid pinsinéirí cur isteach ar an bpost seo.

**Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)**

Thug Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta an 1 Samhain 2010 isteach Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (LSD) agus Scéimeanna na hIomarcaíochta Deonacha

(SID). Is coinníoll den scéim LSD é nach mbeidh éinne a bhaineann leas as an scéim i dteideal athfhostaithe in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó den chuid is mó le hairgead poiblí. Tá feidhm ag an gcosc céanna faoin LSD ar athfhostú, ach amháin go mbaineann tréimhse 7 mbliain leis an gcosc. Níl éinne a bhain leas as an scéim LSD i dteideal dul san iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh ar éinne a bhain leas as an scéim LSD agus a d'fhéadfadh éirí leis sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (sé sin, tréimhse na neamh-incháilitheachta teacht i gcrích).

**An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán RÁ(P) 06/2013)**

Thug Ciorclán na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil RÁ(P) 06/2013 isteach Scéim na hIomarcaíochta Deonaí do na hÚdaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoiteann: Tá sé mar choinníoll ar leith de Scéim an LSD Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta 28 Meitheamh 2012 mar atá leagtha amach thuas nach mbeidh éinne incháilithe le haghaidh athfhostú in aon chomhlacht na Seirbhíse Poiblí [mar a shainítear iad leis na hAchtanna um Bhearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011 agus le hAcht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] ar feadh tréimhse 2 bhliain óna dháta scoir faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás fostaíochta ar bhonn conradh na seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

**Dearbhú**

Caithfidh gach ir a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta an luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí. Beidh ar  ar gach ir freisin aon teidlíochtaí ar shochar pinsin na Seirbhíse Poiblí (in íocaíocht nó i gcaomhnú) ó aon fhostaíocht eile na Seirbhíse Poiblí a dhearbhú agus/nó áit a bhfuil íocaíocht in ionad faighte aige i leith seirbhíse in aon fhostaíocht na Seirbhíse Poiblí..

## CUID 5: Príomhchoinníollacha na Seirbhíse

### I gCoitinne

Is ceapachán chuig post buan sa Státseirbhís é seo agus tá sé faoi réir Achtanna Rialacháin na Státseirbhíse 1956 go 2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm faoi láthair na huaire a bhaineann leis an Státseirbhís.

### Tuarastal

Bainfidh scála tuarastal an Stórasóra leis an bpost seo.

Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta

Sí RPP (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) an scála tuarastail (bliantúil) a bhaineann leis an bpost seo, le héifeacht ón 01 Feabhra 2022, ná::

**Sscála Tuarastal an Stórasóra**

487.58, 508.36, 515.24, 553.67, 585.10, 600.75, 615.70, 630.37, 647.44(*IFS1), 670.35 (**IFS2)

*D'fhéadfadh incrimint fadseirbhíse (IFS1) a bheith iníoctha tar éis seirbhís shásúil 3 bhliain ar an uas-scála.
**D'fhéadfadh incrimint fadseirbhíse (IFS2) a bheith iníoctha tar éis seirbhís shásúil 6 bhliain ar an uas-scála.

Tá feidhm ag an ráta seo nuair is státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí reatha é an ceapaí a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 nó dá éis agus go bhfuil air ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh. Beidh ráta eile i bhfeidhm nuair is státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nach bhfuilair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Ba chóir don iarrthóir a thabhairt faoi deara go dtosóidh sé ar íosmhéid an scála, nach mbeidh faoi réir idirbheartaíochta, agus gur féidir ráta luach an tsaothair a choigeartú ó am go chéile de réir bheartas pá an Rialtais. Is féidir incrimintí a bhronnadh go bliantúil faoi réir feidhmíochta sásúla.

Íoctar €38.60 (Ráta RPP) mar liúntas Sealbhóir Eochrach in aghaidh na seachtaine.
Íoctar €38.60 (Ráta RPP) mar liúntas Forcardaitheora in aghaidh na seachtaine..

### Tabhair faoi deara

Is féidir téarmaí agus coinníollacha eile a bheith i bhfeidhm, más rud é, díreach roimh an gceapachán, go bhfuil an ceapaí ina Státseirbhíseach nó ina Sheirbhíseach Poiblí cheana féin.

Déanfar íocaíocht i riaráiste gach coicís trí Ríomhaistriú Airgid Leictreonach (RAL) isteach i gcuntas bainc de rogha an oifigigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh uimhir chuntais bainc agus cód sórtáil an bhainc curtha ar fáil don Stiúrthóireacht AD, Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Co. na Mí C15 ND62. Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal mar is cuí.

Nuair a cheapfar tú, glacfaidh tú go n-aisíocfaidh tú gach ró-íocaíocht tuarastail, liúntais nó costais de réir Ciorclán 07/2018: Aisghabháil Tuarastail, Liúntais agus Costais Ró-íocaíochtaí a rinneadh le Baill Foirne/Iar-Bhaill Foirne/Pinsinéirí.

**Suíomh**

Tá an post atá le líonadh faoin gcomórtas seo lonnaithe i gCoimpléasc Sheantraibh, Bóthar na Seanabhann, Baile Átha Cliath 9.

**Tionacht agus Promhadh**

Is ceapachán chuig post buan é ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís.

Mairfidh an conradh promhaidh ar feadh tréimhse bliana ón dáta atá luaite sa chonradh. D’ainneoin na míre seo agus na míre díreach ina dhiaidh thíos, ní choiscfidh a teithéid síneadh a chur leis an gconradh promhaidh in imthosca cuí.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, beidh d'fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú ag do stiúrthóir(í) chun a chinneadh:

(i) Ar fheidhmigh ar mhodh sásúil,
(ii) Ar iompar tú tú féin go sásúil i gcoitinne, agus
(iii) An raibh tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, agus aird ar leith tabhartha ar shaoire bhreoiteachta.

Sula gcríochnaítear an conradh promhaidh, déanfar cinneadh cibé an gcoimeádfar nó nach gcoinneofar thú de bhun Alt 5A(2) d’Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005. Beidh an cinneadh seo bunaithe ar d’fheidhmíocht arna measúnú in aghaidh na gcritéar atá leagtha amach i míreanna (i) go (iii) thuas. Míneofar mioneolas an phróisis phromhaidh duit agus gheobhaidh tú cóip de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh.

D’ainneoin na míreanna roimhe seo san alt seo, is féidir le ceachtar taobh de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Théarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005, an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha.

I gcúinsí áirithe d'féadfaí do chonradh a fhadú agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá pháirtí glacadh leis an síneadh.

- Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Uchtála
- Maidir le fostaí as láthair ar Shaoire Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóra, is féidir leis a éileamh go gcuirfí an promhadh ar fionraí muna meastar go bfuil an neamhláithreacht ag teacht le leanúint den phromhadh.

- Is féidir an promhadh a chur ar fionraí i gcásanna mar asláithreacht de bharr breoiteachta neamh-athfhillteach

Sna cásanna seo, is féidir leis an bhfostaí iarratas a dhéanamh ar an bhfostóir ar shíneadh le tréimhse an chonartha.

Freastalóidh gach ceapaí tréimhse phromhaidh bliana. Más státseirbhíseach ar seirbhís é an ceapaí a theipeann air na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh díreach sular ceapadh ón gcomórtas seo é, is iondúil go n-eascróidh ceist na frithdhílse. I gcás frithdhílse, fillfidh an t-oifigeach ar fholúntas ag an ngrád roimhe sin sa Roinn ina raibh sé roimhe sin.

**Uaireanta tinrimh**

Socrófar na huaireanta freastail ó am go chéile ach, ar an meán, ní bheidh siad níos lú ná 41 uair 15 nóiméad ina iomlán lena n-áirítear sos lóin, nó 35 uair glan in aghaidh na seachtaine.

Beidh ar an iarrthóir rathúil cibé am breise a oibriú ó am go chéile a bheidh réasúnach agus riachtanach chun a chuid dualgas a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin um amanna oibre.

**Saoire Bhliantúil**

Beidh do liúntas saoire bliantúla cothrom le **25 lá oibre sa bhliain**. Tá an liúntas seo, atá faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a bhronnadh, ar bhonn seachtaine cúig lá agus gan gnáthlaethanta saoire poiblí a chur san áireamh.

**Saoire Breoiteachta**

Íocfar pá le linn asláithreacht bhreoiteachta a deimhníodh i gceart, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse, i bhfeidhm ar bhonn pro-rata, de réir fhorálacha na gciorclán saoire bhreoiteachta.

Beidh ar na hoifigigh siúd ag íoc ráta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú ag údarú don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Roinn nó leis an Eagraíocht atá á bhfostú. Braitheann aon íocaíocht le linn breoiteachta ar an oifigeach na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh de theorainneacha riachtanacha an ama.

Beidh ort sainordú a shíniú ag údarú an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí *aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis An nGarda Síochána. Braithfidh aon íocaíocht tuarastail le linn breoiteachta ar na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh de theorainneacha riachtanacha an ama.

**Aoisliúntas agus Scor**

Déanfar téarmaí agus coinníollacha an aoisliúntais cuí mar atá i bhfeidhm sa Státseirbhís a thairiscint don iarrthóir rathúil nuair a thairgfear an ceapachán dó. De ghnáth, déanfar ceapachán a thairiscint d'aon cheapaí nach raibh ag obair riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe

ar bhallraíocht Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Tá faisnéis iomlán na Scéime ar fáil ag  www.singlepensionscheme.gov.ie .

Is féidir téarmaí eile a bhith i gceist sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (neamh-Scéim Aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 sheachtain roimh an gceapachán nó má tá sé ar sos gairme nó ar shaoire speisialta le/gan phá faoi láthair. Bunófar teidlíocht pinsin iad siúd a cheapfar i gcomhthéacs stair a chuid fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Siad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha agus an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, sé sin 66 bhliain d'aois faoi láthair.
- Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí na scéime dul ar scor ar 70 bliain d'aois bhainte amach acu.
- Úsáidtear meántuilleamh an ghairmré chun na sochair a ríomh (fabhraíonn méidan phinsin agus an chnapshuime gach bliain agus déantar iad á n-uasdátú gach bliain faoi threoir an PIT/Praghasinnéacs tomhaltóirí).
- Tá méaduithe iar-scoir an phinsin nasctha leis an PIT.

**Lacáiste an Phinsin**

- Má bhí an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí cheana féin agus má tá pinsin á fháil aige ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go n-íoctar pinsean de chuid na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí le linn dó a bheith fostaithe arís, beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. **Tabhair faoi deara: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo, admhaíonn tú go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag forálacha an lacáiste, más cuí. Ní cheaptar go dtacóidh an Roinn/Oifig a fhostaíonn tú le hiarratas ar tharscaoileadh an lacáiste i leith ceapacháin chuig an bpost seo**.

- Mar sin féin, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus dá mbronnadh pinsean air faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas an Scéim um Dhreasacht Luathscoir (SDLS), Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 LSD/SDS nó Imlitir an Roinn Comhshaoil, Pobailagus Rialtais Áitiúil RÁ(P) 06/2013, aon ceann díobh a fhágann go bhfuil an duine i gceist neamh-incháilithe don chomórtas), scoirfidh teidlíocht an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Is féidir, áfach, socruithe ar leith a dhéanamh chun aon seirbhís roimhe sin a thug an ceapaí a ríomh chun críche aon bronnadh aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith i dteideal ina leith.

- **Ciorclán 102/2007 de chuid an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí isteach agus is coinníoll dá leithéid, seachas na cásanna atá leagtha amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den cháipéisíocht chiorclach lena bhaineann, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus go bhfuil sé fostaithe ina dhiaidh sin in aon cháil in réimse ar bith den earnáil phoiblí, go scoirfidh láithreach íocaíocht an phinsin leis faoin scéim. Atosófar ar na híocaíochtaí pinsin, áfach, ar scor den fhostaíocht

sin nó ar 60ú breithlá an duine i gceist, cibé acu is déanaí, ach ar á atosú, bunófar an pinsean ar a chuid sheirbhís ináirithe mar mhúinteoir (sé sin, ní chuirfear na blianta breise roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).

- **Scoir ar Dhroch-Shláinte (SDS)**

Tabhair faoi deara go bhfuil ar éinne a chuaigh ar scor roimhe seo ar chúiseanna na drochshláinte faoi théarmaí scéim an aoisliúntais a dhearbhú, ag céim tosaigh an iarratais, go bhfuil a leithéid phinsin á fháil aige don eagraíocht atá comórtas na earcaíochta á riar acu.

Beidh ar irí freastal ar oifig an POL (Príomh-Oifigeach Leighis) chun measúnú a dhéanamh ar a gcumas um sheirbhís rialta agus éifeachtach a chur ar fáil, ag cur san áireamh an riocht a cháiligh iad le haghaidh an SDS.

*Ceapachán tar éis scor de bharr drochshláinte ón Státseirbhís:*

Má éiríonn leis sa chomórtas, ba chóir go mbeadh an t-iarrthóir ar an eolas faoina leithéid a leanas:

- Má mheastar go bhfuil sé ar a chumas seirbhís rialta agus éifeachtach a chur ar fáil agus go leagtar ar phost éigin é, scoirfidh pinsean drochshláinte na státseirbhíse aige.
- Má theipeann ar an iarrthóir a phromhadh a chríochnú ina dhiaidh sin nó má chinneann sé an post a leagadh air a fhágáil, ní féidir aon aisiompú a dhéanamh ar stádas SDS na státseirbhíse, ná ar aischur ar phinsean SDS na státseirbhíse a bhí ann roimh an iarratas agus ní bheidh aon teidlíocht aige ina leith.
- Measfar an t-iarrthóir mar bhall de Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí (SAPS) nuair a cheapfar é má tá sos inphinsin os cionn 26 sheachtain sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí aige.

*Ceapachán iarscor drochshláinte ón tseirbhís phoiblí:*

- Sa chás go bhfuil éinne scortha ó chomhlacht seirbhíse poiblí d'fhéadfadh go mbeadh a phinsean drochshláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithniú de réir na rialacha maidir le scor de bharr drochshláinte faoin scéim sin.
- Má éiríonn le hiarrthóir, beidh air ar a cheapachán a dhearbhú an bhfuil pinsean seirbhíse poiblí (drochshláinte nó eile) á fháil aige agus d'fhéadfadh a phinsean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir lacáiste.
- Beidh an t-iarrthóir ina bhall de Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí (SAPSP) nuair a cheapfar é má bhí sos inphinsin aige os cionn 26 sheachtain sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí.
- Tabhair faoi deara go bhfuil faisnéis níos déine maidir leis na torthaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsean drochshláinte státseribhíse nó na seirbhíse poiblí ar fáil tríd an nasc seo nó ar iarratas chuig an CSP.

**Fabhrú an Phinsin**

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i dtreo pinsin i gcás ina raibh éinne ina bhall de níos mó ná scéim pinsin na seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (sé sin, Scéim Neamh-Aonair) de réir an Achta 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh torthaí teacht as a leithéid d'aon cheapaí a bhfuil cearta pinsin faighte aige i bhfostaíocht na seirbhíse poiblí roimhe seo.

**Ranníocaíochtaí Breise an Aoisliúntais**

Tá an ceapachán seo faoi réir ranníoca an aoisliúntais breise de réir an Achta um Phá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí, 2017. Tabhair faoi deara; Tá asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céile agus leanaí) a chaithfear a íoc faoi rialacha an scéim phinsin agatsa.

Tá tuilleadh eolais i leith Scéim Aonar Pinsin na Seirbhíse Poiblí ar fáil ag an suíomh Gréasáin: www.singlepensionscheme.gov.ie

**Rúndacht agus Caighdeáin an Iompair: Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas**

Le linn théarma an chonartha promhaidh, beidh an t-oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe le linn nó tar éis tréimhse a chuid fhostaíochta.

**Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse**

Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

**Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí**

Leagtar naoi gcaighdeán an iompair agus an chleachtais do gach éinne sa Gharda Síochána amach sa Chód Eitice, agus baineann roinnt gealltanas le gach ceann acu. Rinneadh á fhorbarit ag an Údarás Póilíneachta, de réir Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú. Tugann an Cód aird ar Phrionsabail na Póilíneachta atá leagtha amach san Acht sin.

Ba cheart don iarrthóir a thabhairt faoi deara, má mheastar go n-éiríonn leis sa chomórtas, go mbeidh air dearbhúcháin a shíniú dhearbhaíonn go bhfuil sé gheallta don Chód Eitice, gur leigh siad gur léigh sé Cód Eitice an Gharda Síochána agus go gcloífidh sé leis na caighdeáin atá leagtha amach ann.

**Réamhcheadú maidir le foilseacháin**

Aontóidh éinne a cheapfar mar bhall foirne gan aon ábhar a bhaineann lena dhualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ón oifigeach údaraithe is cuí.

**Gníomhaíocht Pholaitiúil**

Le linn a théarma fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha a rialaíonn seirbhísigh phoiblí maidir leis an bpolaitíocht.

**Tabhair faoi deara:**

Mar Fhostóir Roghnach, tá go leor polasaithe solúbtha na hoibre atá oiriúnach don teaghlach curtha i bhfeidhm ag an Státseirbhís, lena n-áirítear roinnt deiseanna cianoibre. Tabhair faoi deara, go bhféadfaidh an t-iarrthóir rathúil deiseanna oibre solúbtha a iarraidh, ach is faoi rogha an fhostóra a leithéid a cheadú agus déanfar á chinneadh de réir riachtanais ghnó na heagraíochta, agus ar bhonn cás ar chás.

**FÓGRA TÁBHACHTACH**

**Léiríonn an méid thuas príomhchoinníollacha na seirbhíse agus níl sé beartaithe á bheith mar liosta cuimsitheach de théarmaí agus de coinníollacha uile na fostaíochta a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le glacadh leis an iarrthóir ar éirigh leis.**

## CUID 6: Próiseas an Iarratais agus an Roghnúcháin

## An·Próiseas·Iarratais·agus·Roghnúcháin¶

### Conas Iarratas a Dhéanamh

Is féidir iarratais a dhéanamh trí CV agus nóta clúdaigh a chur ar fáil. Ní mór gach cáipéis a líonadh isteach go hiomlán i bhformáid doiciméad Word agus á gcur isteach ar ríomhphost chuig hrpd.staffcompetitions@garda.ie leis an gceannteideal aige ná: **Stórasóir 2022**

### Dáta deiridh

Sé an dáta deiridh chun iarratais a fháil ná: **17:00 Dé hAoine, an 14ú Deireadh Fomhair, 2022**
***Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh.***

Moltar d'iarratas a dhéanamh tamall maith roimh an dáta deiridh ar eagla go mbeadh aon deacrachtaí agat. Beidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige ag 046 903 6376/7/5 (uimhir ráta áitiúil) nó trí ríomhphost ag HRPD.StaffCompetitions@garda.ie suas go dtí dáta deiridh na n-iarratas.

### Iarrthóirí ar mian leo leas a bhaint as Garaíocht Réasúnta

Iarrtar ar iarrthóirí ar mian leo leas a bhaint as garaíocht réasúnta tuairisc shíceolaí/lia a chur isteach. Sé cuspóir na tuarascála ná feidhmiú mar bhonn chun chinneadh a dhéanamh ar gharáiocht réasúnta nuair is cuí. Ní mór na tuarascálacha seo a chur ar aghaidh chuig an bPríomhoide Cúnta Ms. Rosslyn May, an Stiúrthóireacht AD, Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Co. na Mí C15 ND62.

## PRÓISEAS AN ROGHNÚCHÁIN

### Módhanna Próiseas an Roghnúcháin

D'fhéadfadh úsáid a bhaint as cuid nó gach ceann de na modhanna a leanas chun an t-iarrthóir rathúil a roghnú don phost seo:

- Na harrthóirí a chur ar ghearrliosta ar bhonn na faisnéise atá ina gcuid iarratas;
- Agallamh bunaithe ar an inniúlacht a bhféadfadh léiriú pearsanta agus/nó cleachtadh measúnaithe breise a bheith i gceist leis;
- Aon tástáil nó cleachtadh eile a mheastar a bheith cuí.

Tairgfear an post don iarrthóir sin a chríochnaíonn is airde san ord iomlán fiúntais a cuireadh le chéile tar éis na n-agallamh, sé sin, déanfar post a thairiscint don iarrthóir is airde.

### Neamh-aisíoc na gcostas

Ba chóir don iarrthóir a thabhairt faoi deara nach mbeidh feidhm ag forálacha Imlitir 6/89, Aisíoc na gCostas, maidir le haon tairiscint ceapacháin a thagann as an gcomórtas seo. Ina theannta sin, ní aisíocfar aon chostas a íocann an t-iarrthóir agus e ag tabhairt faoi nó ag freastal ar aon chuid de phróiseas an roghnúcháin.

**Cumarsáid**

Ba chóir don iarrthóir a thabhairt faoi deara gur trí ríomhphost amháin a eiseofar gach cumarsáid a bhaineann leis an gcomórtas seo, lena n-áirítear soláthar na dtorthaí. Ba cheart don iarrthóir a chinntiú gur chuir sé seoladh rPhoist bailí agus mioneolas teagmhála ar fáil agus ba cheart dó a leithéid seoladh rPhoist a sheiceáil ar bhonn rialta.

**Gearrliosta**

De ghnáth, sáraíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost an líon is gá chun folúntais reatha agus amach anseo a líonadh. Cé go bhféadfadh iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, más chomh mór sin líon iad siúd a dhéanann iarratas ar an bpost sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach éinne, is féidir go ndéanfaidh An Garda Síochána a chinneadh go nglaofar líon níos lú chuig an gcéad chéim eile de phróiseas an roghnúchán.

Ina leith seo, déanann An Garda Síochána foráil d'úsáid a bhaint as próiseas gearrliostaithe chun grúpa a roghnú a bhfuil an chuma air gurb iad siúd is oiriúnaí don phost. Ní hionann sin is a rá go bhfuil na hiarrthóirí eile mí-oiriúnach nó éagumasach ar an bpost a dhéanamh, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil an chuma orthu go bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu.

Is féidir na critéir riachtanacha agus inmhianaithe araon a leagtar síos don phost a bheith ar áireamh sna critéir ghearrliostaithe. Mar sin, is chun do leasa féin mionchuntas cruinn ar do cháilíochtaí/taithí a líonadh isteach san iarratas agat.

**Iarratas a Athsceidealú**

Ní ghlacfar le iharratas ar athsceidealú ach amháin i gcúinsí eisceachtúla mar a mheasann an Garda Síochána a bheith inghlactha (m.sh. Méala/Breoiteacht). Tabhair faoi deara go bhféadfaidh an Garda Síochána doiciméid tacaíochta a iarraidh mar fhianaise.

**Grinnfhiosrúchán agus Imréiteach na Slándála**

Beidh ort dianphróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chur i gcrích má mheastar tú le haghaidh ceapacháin. Is próiseas an-domhain é seo agus d'féadfadh sé suas le 12 sheachtain a thógáil chun á chríochnú. Ní féidir thú a cheapadh gan próiseas an Ghrinnfhiosrúcháin a réiteach.

## CUID 7: Eolas Tábhachtach don Iarrthóir

**Gnáthfhaisnéis**

Ní bheidh an Garda Síochána freagrach as aon chostas don iarrthóirí a aisíoc.

Tairgfear poist don iarrthóir sin a chríochnaíonn is airde in ord iomlán an fhiúntais a cuireadh le chéile tar éis na n-agallamh, sé sin, déanfar post a thairiscint don hiarrthóir is airde.

Ní ghlacfar leis go gciallaíonn cur istach an duine ar an gcomórtas, nó cuireadh chun freastal ar agallamh, nó litir toraidh rathúil, go bhfuil An Garda Síochána sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais.

Sula ndéanfar aon iarrthóir a mholadh lena cheapadh don phost seo, déanfaidh an Garda Síochána gach fiosrúchán dá leithéid a mheastar a bheith riachtanach, m.sh. sláinte, carachtar, teistiméireachtaí fostóra, seiceálacha slándála lena n-áirítear an grinnfhiosrúchán, nó aon fhiosrúcháin eile a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht a leithéid iarrthóra a chinneadh. Go dtí go bhfuil gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán, ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a thuiscint go bhfuil cinneadh dá leithéid déanta.

**Critéir ar leith an Iarrthóra**

Chomh maith leis critéir na hincháilitheachta atá leagtha amach a chomhlíonadh, ní mór don iarrthóir:

- An t-eolas agus an cumas le haghaidh dualgais an phoist lena mbaineann a chomhlíonadh;
- A bheith oiriúnach ar chúiseanna na sláinte agus an charachtar;
- A bheith oiriúnach i ngach slí ábhartha eile le haghaidh ceapacháin don phost lena mbaineann.

Má éiríonn leis, ní cheapfar sa phost é ach amáin:

- Go nglacann sé le tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus go nglacfaidh sé leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais, nó faoina bhfuil orthu á gcomhlíonadh;
- Go bhfuil an láninniúlacht aige agus go bhfuil sé ar fáil chun na dualgais a ghabhann leis an bpost a dhéanamh go hiomlán agus in ann á gcomhlíonadh.

**Ceapúcháin ó rollaí**

Bunófar rollaí óna ndéanfar ceapacháin agus as a bhféadfar folúntais amach anseo a líonadh. **Ní hionann** ainm a bheith ar an ar rolla agus a chinntíu go ndéanfar post ar bith a thairiscint.

Sé an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine, a cheapfaidh an t-iarrthóir rathúil.

Tabhair faoi deara, a luaithe a ghlactar le tairiscint ceapacháin, go mbainfear an t-iarrthóir den rolla agus nach déanfar aon tairiscint eile ar cheapachán. Má thagann folúntais den chineál céanna chun cinn in réimsí eile na Státseirbhíse, is féidir iarrthóirí a roghnú ón gcomórtas seo.

Rachaidh an rolla in éag dhá bhliain i ndiaidh á bhunú, muna gcuirtear síneadh leis nó nuair a bheidh sé ídithe, cibé acu is túisce. Ní bheidh aon éileamh ar ardú céime ina dhiaidh sin ag na hiarrthóirí nár fuair ardú céime ag dul in éag an rolla toisc go raibh siad ar an rolla.

**Tagairtí**

Más faoi bhreithniú tú le haghaidh phoist, beidh ort moltóirí a roghnú agus a gcuid ainmneacha a chur ar fáil dúinn. Ní gá d’fhostóir reatha a bheith san áireamh lena leithéid moltóirí. Ba chóir go gcuirfeadh na teistiméireachtaí faisnéis réasúnta nua ar fáil ar d'fheidhmíocht agus ar d'iompraíocht i gcomhthéacs na hoibre. Tabhair faoi deara, má éiríonn leat san agallamh agus má dhéantar breithniú ar phost duit, beidh teistiméireacht de dhíth orainn ó d’fhostóir reatha sula sanntar thú. Ní leor ráiteas fostaíochta agus ní ghlacfar leis mar theistiméireacht an fhostóra. Ní dhéanfar aon teagmháil le d’fhostóir reatha ach amháin i ndiaidh do chead a thabhairt dúinn.

**Á mheas go bhfuil an iarratas tar éis tarraingt siar**

I gcás aon iarrthóir nach bhfreastalaíonn ar agallamh ag an am is gá agus san áit is gá nó nach guireaann ar fáil, nuair a iarrtar a leithéid, cibé fianaise is gá maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht, measfar go bhuil a iarratas tar éis tarraingt siar aige.

**Tairiscint an cheapacháin a dhiúltú**

Má dhiúltaíonn an té a mholtar don cheapachán nó, i ndiaidh á ghlacadh leis, éiríonn sé as ansin, is féidir le Rannóg Acmhainní Daonna an Gharda Síochána, dá rogha féin, an post a thairiscint don chéad iarrthóir eile ar an rolla.

**Rúndacht**

Is féidir le gach iarrthóir a bheith ag súil go ndéileálfar le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné d'imeachtaí an phróisis faoi rún daingean faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014.

Is féidir míreanna áirithe na faisnéise, nach mbaineann le héinne ar leith, a bhaint as taifid ríomhaire le haghaidh ghnáth-críocha an staidrimh.

**Úsáid a Bhaint as Trealamh Taifeadta**

Ní cheadaíonn An Garda Síochána úsáid neamhcheadaithe d’aon chineál trealaimh taifeadta ar a áitreabh. Baineann sé seo le haon chineál taifeadta fuaime agus aon chineál taifeadta pictiúr socair nó fístaifeadta, cibé acu atá taifeadadh fuaime san áireamh nó nach bhfuil, agus baineann sé le haon chineál gléis a úsáidtear chun na gcríoch sin. Ní mór d’éinne ar mian leis a leithéid trealaimh a úsáid le haghaidh aon cheann de na cuspóirí seo cead scríofa a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideacht na foirne agus na gcustaiméirí a chosaint chomh maith le sláine ár n-ábhar measúnaithe agus ár bpróiseas measúnaithe. Is sárú ar an bpolasaí seo é aon úsáid neamhcheadaithe na dtrealamh taifeadta ag éinne. D’fhéadfaí aon iarrthóir a bhfuil baint aige lena leithéid sáraithe a dhícháiliú ón gcomórtas agus d’fhéadfaí á chur faoi réir ionchúisimh faoi alt 55 den Acht um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

**Cód Cleachtais**

Baineann Cód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) um Cheapacháin chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí leis an gcomórtas seo agus is féidir á fheiceáil ag www.cpsa.ie. Leagtar amach i gCód Cleachtais an CCSP na gnáis trína bhféadfaidh iarrthóir athbhreithniú a lorg maidir le cinneadh a glacadh i leith a iarratas nó

maidir le haon maíomh go ndeárnadh an Cód Cleachtais a shárú. Ba cheart aon iarratais ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a chur isteach i scríbhinn chuig hrpd.cpsa@garda.ie ag leagan amach go soiléir na cúiseanna le haghaidh athbhreithnithe agus ag lua Codanna an Chóid lena mbaineann.

De réir phrionsabail an Chóid Chleachtais thuas, tá an Garda Síochána geallta don aiseolas soiléir, beacht agus bríoch a chur ar fáil do gach iarrthóir a iarrann air. Maidir lena leithéid, cuirfear an t-aiseolas ar fáil don iarrthóir i scríbhinn. Cuimseoidh sé seo marcanna a ghóthaigh an t-iarrthóir sa chomórtas agus aon tuairimí ón mbord an agallaimh ar fheidhmíocht an iarrthóra, de réir mar is cuí.

**An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018**

Ní dhéanfar aon sonraí pearsanta arna chur ar fáil ag an iarrthóir a phróiseáil ach amháin chun na gcríoch a luaítear sa cháipéis seo, agus laistigh den bhunús dleathach atá leagtha síos go soiléir faoi Rialachán Ginearálta (an AE) um Chosaint Sonraí (RGCS) ((AE) 2016/679) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 /2018.

Cuirfear gach beart is gá i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar gach sonraí pearsanta a choimeád slán agus sábháilte, agus nach adéanfar ach sonraí pearsanta cuí a phróiseáil. Ní choinneofar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun chríche an chuspóir ar a bhfuarthas iad a bhaint amach.

**Canbhasáil**

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil cosc ar na nithe seo a leanas a dhéanamh, go díreach nó go hindíreach:

- Canbhasáil a dhéanamh i leith an phróisis;
- Déan aithris ar iarrthóir ag céim ar bith den phróiseas;
- Tionchar a imirt ar chinneadh éinne i leith an phróisis; nó
- Cur isteach ar ionracas an phróisis nó á chur i mbaol ar bhealach ar bith.

**Sárú ar an gCód Cleachtais**

Beidh éinne a sháraíonn na forálacha thuas nó a chuidíonn le héinne eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Dlitear fíneáil nó príosúnacht a ghearradh ar éinne a fhaightear ciontach i gcion.

Ina theannta sin, déanfar éinne a fhaightear ciontach i gcion agus é ina iarrthóir ag próiseas na hearcaíochta a dhícháiliú mar iarrthóir agus eisiafar ón bpróiseas é. Sa chás gur ceapadh a leithéid iarrthóra chuig an bpost tar éis an phróisis na hearcaíochta, bainfear den phost sin é.